

#livelife

www.dayforlife.org

Lá don Bheatha 2014



Gríanghraf © L'Osservatore Romano

Déan an Bheatha a Chosaint agus a Chaomhnú #lifelife

Tá aithne ag an bPápa Proinsias ar agus is breá leis daoine óga. Ag Lá Domhanda don Óige i Rio, an bhliain seo caite, dúirt an Pápa le os cionn trí milliún daoine óga, 'teastaíonn ó chroíthe óga domhan níos fearr a chothú'. Thug sé cuireadh dóibh a bheith mar 'crainn seasta don athrú' agus spreag sé iad gan a bheith 'ina mbreathnadóirí ar an saol amháin ach a bheith páirteach ann. Ní breathnadóirí amháin a bhí in íosa, ach thum sé é féin sa saol. Ná bí mar bhreathnadóirí, ach déan sibh féin a thumadh i réaltacht an tsaol, mar a rinne Íosa'.

Tá aithne againn go léir ar dhaoine óga cróga a bhfuil baint acu le salachar an tsaol – ag cuidiú leis an aos óg, leo siúd atá lag, le daoine scothaosta, le daoine leochaileacha agus a chuireann riachtanais daoine eile thar a gcuid féin. I mbliana i *dTeachtaireacht Lá don Bheatha*, teastaíonn ó Easpag na hÉireann, Easpag na hAlban agus Easpag Shasana agus an Bhreatain Bheag tionscnaíocht an Phápa Proinsias a leanúint agus cuireadh a thabhairt do gach duine a bheith páirteach in aire a thabhairt don bheatha, i gcosaint agus i gcaomhnú an bheatha ó thús deireadh agus i ngach staid. Leis an aos óg, ach go háirithe, ba mhaith linn a rá '#lifelife!' óna gcoimpeart go dtí a dheireadh nádúrtha.

I gcultúr 'séanacháin', is éasca an bheatha a bheith measta faoi bhun luacha. An bhliain seo caite, mhúin Dónal Breatnach, gasúr neamhghnách sé bliana déag d'aois ó Chiarraí a bhí ag fulaingt ón ailse foircneach, ceacht dúinn conas fiúntas a bheith againn do gach ghné den bheatha agus conas buíochas a ghabháil don uile ní a bheirimid linn go héasca. Theastaigh ó Dhónal 'a bheatha a chaitheamh, imirt ar son na Mumhan, an domhan ar fad a thaisteal, clann a thógáil agus bás a fháil nuair a bhí an cúig scór sroichte aige' agus in ionad frithghníomhú le fearg agus le héadóchas in aghaidh na hailsé, ghlac sé leis an bheatha chun a theachtairacht

#lifelife, in aghaidh an féinmharaithe, a chraobhscaoileadh. Scriobh sé agus labhair sé go forleathan 'sna meáin chumarsáide faoi dhaoine óga agus faoin féinmharú chun deagóirí a ghriósú 'ómós a bheith acu ar an méid atá acu, a thabhairt chun chuimhne go mbíonn roghanna eile ann i gcónaí agus go mbíonn cabhair le fáil i gcónaí'. Chuaigh a theachtairacht #lifelife i dteagmháil le go leor daoine agus d'athraigh sé go leor freisin.

Is féidir linn go léir, idir óg agus aosta, ár bpáirt a ghlacadh i ndul chun cinn na beatha. Is féidir le gach smaoineamh, le gach focal nó le gach gníomh an bheatha a chur ar aghaidh nó a mhúchadh – is féidir linn go léir oibriú ar mhaithe na beatha.

Deir Pápa Proinsias dúinn an méid a ghabhann le bheith ina chosantóir ar an mbeatha: 'an cruthó go léir agus áilleacht an chruthaithe a chosaint, meas a bheith againn ar chréatúir Dé agus ar an timpeallacht ina mhairimid'.* Labhraíonn an Pápa faoi 'dhaoiné a chosaint, faoi inní ghrámhar a léiriú do gach duine – ach go háirithe páistí, faoi dhaoine scothaosta, faoi siúd atá i ngátar – is minic na daoine deireannacha a smaoineimid orthu'. Cuireann sé béim ar thábhacht an teaghlach: 'tabharfadh fir agus mná céile cosaint dá chéile ar dtús, agus ansin, mar thuismitheoirí, tabharfaidís cúram do na leanaí atá acu, agus le himeacht aimsire go dtabharfadh na leanaí cúram dá dtuismitheoirí'. Míníonn an Pápa Proinsias, freisin, an tábhacht a bhaineann le cúram a thabhairt don sochaí trí 'cairdís ó chroí a chothú chun go mbeadh cosaint, meas agus maitheas againn dá chéile. Ar deireadh, tá gach uile ní curtha faoinár gcosaint, agus tá gach uile dhuine freagrach as an méid'.

Bímis go léir inár dtógáil de dhomhan leasaithe. Bímis mar chosantóirí agus mar roghnóirí ar an bheatha!

LÁ DON BHEATHA 2014

www.chooselife2014.ie
www.dayforlife.org

Paidir do Lá don Bheatha

Gabhaimid buíochas leat,
a Thiarna,
as ucht bronntanas na beatha.

A Naomh-Mhuire, a Mháthair an Ghrá, ag sealbhú i do bhacilinn toradh do bhroinne, breathnaigh go grástúil ar an domhan seo 'gainne agus bain amach as, an méid a dhéanann ár gcroíthe a chruachan agus ár súile a íslíú maidir le luachmhairacht na beatha daonna ó nóiméad na giniúna go bás nádúrtha.

Trí eiseamláir do armacais déan sinn a theagasc i mbealaí na trócaireachta agus an ghrá i dtreo is gur féidir linn sibhialtacht an ghrá agus sochaí atá feiliúnach don duine daonna a thógáil inár measc.

Cabhair linn diúltú le gach a chuireann le cultúr an bháis, agus bheith ag obair le daoine dea-thola eile cultúr na beatha a chur chun cinn.

Tabhair níos gaire sinn do do Mhac, ionas go mbeimis eolach ar iomláine na beatha a ofráileann sé dúinn agus go mbeadh tuilleadh eolais níos foirfe againn ar an bheatha sin, leatsa, agus leis na haingil agus leis na naoimh, i saol síoraí na bhFlaitheas. Áiméan.



Le do thoil, cuir chun cinn an teachtaireacht #lifelife i do theaghlach, i measc do chairde agus ar na meáin shóisialta.

*Aitheasc ag an Aifreann Tionscnaimh, 19ú Márta 2013

Déantar Lá don Bheatha a cheiliúradh go bliantúil ag an Eaglais Chaitliceach in Éirinn, in Albain, i Sasana agus sa Bhreatain Bheag. Lá tiomanta atá ann chun feasacht a ardú maidir le brí agus luach an bheatha daonna ag gach céim agus i ngach riocht.



VERITAS
www.veritas.ie



www.catholicbishops.ie



Irish Catholic
Bishops' Conference



@catholicbishops



[www.youtube.com/user/
IrishCatholicBishops](http://www.youtube.com/user/IrishCatholicBishops)